

## Dálaí a chruthú le haghaidh comhphlé dearfach sa seomra ranga

### Réamhrá

Is éard is aidhm leis an ábhar seo ná tacú le múinteoirí chun na dálaí a chruthú inar féidir tabhairt faoi chomhphlé dearfach sa seomra ranga. Cuimsíonn sé na codanna seo a leanas:

- Ullmhú don teagasc
- Teagasc agus foghlaim
- Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?<sup>1</sup>
- Léitheoireacht Bhreise.

Tá béim sa churaclam OSPS ar an tábhacht atá le meon dearfa sa seomra ranga trína mbraithfidh páistí go bhfuil meas orthu agus go ndéantar cúram díobh (CNCM, 1999, lch 38). Is féidir go gcabhródh plé dearfach sa seomra ranga leis an múinteoir an smaointeoireacht atá ag teacht chun cinn sna páistí a thuiscint agus a shoiléiriú agus is dócha go gcothódh sé timpeallacht oscailte thacúil, ina mothódh páistí ar a suaimhneas agus iad ag fiosrú topaicí a bhaineann le OSPS/OCG. Is minic deiseanna a bheith ag teacht chun cinn do na páistí chun machnamh a dhéanamh ar a ndearccháí agus a mbarúlacha i gcomparáid le barúlacha daoine eile, ar bhealach atá oiriúnach dá n-aois agus íogair. Tá sé ríthábhachtach timpeallacht mheasúil shábháilte iontaobhach a bhunú mar aon le straitéisí agus cur chuige tacúil a chomhtháthú i do chleachtais teagaisc le haghaidh OSPS/OCG chun tacú leis an idirghníomhú seo.

### Ullmhú don teagasc

**Bí ag súil leis an gcomhphlé:** Bíonn sé ina chuidiú machnamh a dhéanamh ar na nithe a d'fhéadfadh páistí a rá le linn an chomhphlé roimh duit topaic ar leith a theagasc, go háirithe más amhlaidh gur topaic íogair nó úr í an topaic do na páistí sa rang. Má bhíonn

tú ag súil le barúlacha agus dearccháí éagsúla roimh ré, cuireann sé le do chumas freagairt go cuí agus go héifeachtach, agus a bheith ag súil leis an gcineál teanga a thiocthadh chun cinn agus a bheadh de dhíth ar na páistí le go bhféadfaidís a bheith rannpháirteach sa chomhphlé.

**Bí réidh le bheith solúbtha:** Fágann an tsolúbthacht go mbíonn tú réidh le teacht i dtír ar dheiseanna teagaisc neamhphleanáilte a thagann chun cinn le linn an lae teagaisc. Is minic a chuireann páistí ceisteanna tráthúla bunaithe ar ábhar ar a gcluinfidís caint ag dul tharstu. Mar sin, bíonn sé ina chuidiú smaoineamh ar na scileanna, na ceisteanna agus an t-eolas a bheadh de dhíth ort féin le freagairt do cheisteanna agus do chúrsaí a thiocthadh aníos gan choinne sa rang.

**Cuimhnigh ar dhearccháí eile:** Agus tú ag ullmhú le OSPS/OCG a theagasc, d'fhéadfá cuimhneamh ar dhearccháí eile i dtaobh na gceisteanna nó topaicí: d'fhéadfadh sé go mbeidís sin ar brath ar chomhthéacs agus ar éagsúlacht na gcúlraí agus na n-eispéireas a bheadh sa rang agat.

**Fiosraigh réamheolas agus réamhfhoghlaim:** Bíonn sé úsáideach, mar chéad chéim agus topaicí íogaire á dteagasc, réamheolas agus réamhfhoghlaim na bpáistí a mheas. Is féidir suirbhéanna, cairteacha ABC (Ar eolas cheana, Ba mhaith liom a fhoghlaim, Cad a d'fhoghlaim mé) agus quizeanna a úsáid le heolas a fháil ar an méid atá ar eolas agus a thuigeann na páistí, agus ar na nithe nach bhfuil siad chomh cinnte céanna fúthu. Is féidir go gcabhródh an t-eolas sin leat tuiscint a fháil ar thúsphointí na foghlama agus cinntí a dhéanamh faoi na heispéiris foghlama a fhreastalóidh ar riachtanais na bpáistí i do rang.

**Ullmhaigh ceisteanna ardchaighdeáin:** Trí cheisteanna tomhaiste a ullmhú sula dtugtar faoi thopaicí faoi leith, is féidir comhphlé a spreagadh, réamhthuarimí a cheistiú, smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn agus machnamh a spreagadh. Mar aon leis an teagasc agus foghlaim phleanáilte seo bunaithe ar líon beag de cheisteanna oscailte, is féidir ceisteanna a iarraidh ar na páistí féin agus iad sin a úsáid le ceachtanna a phleanáil.

<sup>1</sup> Is ionann tuismitheoirí anseo agus máithreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leatuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí.


# Dálaí a chruthú le haghaidh comhphlé dearfach sa seomra ranga

## Forléargas an mhúinteora



Is bealach iontach iad córais éisteachta le guth an pháiste a ghabháil agus oibríonn siad ó na luathbhlianta aníos go dtí na ranganna sinsearach. Tá sé tábhachtach deiseanna éagsúla a aimsiú le tacú le páistí ceisteanna a chur, smaointe nó buarthaí a chomhroinnt agus teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir. Chonacthas domsa go bhfuil sé thar a bheith úsáideach córas a bheith i bhfeidhm lasmuigh den ghnáth-chomhphlé a tharlaíonn sa rang chun na páistí a spreagadh ar bhonn leanúnach le comhrá a dhéanamh agus dáimh a bheith acu liom. Mhothaigh mé go raibh drogall ar roinnt páistí ceisteanna a chur go hoscailte nó gurbh fhusa dóibh córas a úsáid lena chur in iúl dom go raibh siad ag iarraidh rud a rá liom. Is féidir éagsúlacht de mhodheolaíochtaí aoisoiriúnacha a úsáid—amhail Bosca Ceisteanna nó Bosca Cad atá ar Intinn Agat? do dhaltaí. Chonacthas domsa go raibh sé tábhachtach a leithéidí seo de chur chuige a úsáid ó cheann ceann na bliana ach go mbíonn tábhacht ar leith ag baint leo le linn OCG. Is bealach maith iad Boscaí Ceisteanna le ceisteanna a láimhseáil. Féadann páistí ceisteanna a chur 'i mbosca' agus féadaimse féin na ceisteanna sin a thógáil agus a bheith níos machnamhaí agus níos airdeallaí le mo fhreagairt orthu.

## Machnamh an mhúinteora



- Cén t-ullmhúchán a dhéanann tú le haghaidh OSPS/OCG agus conas a thacaíonn sé, dar leat, le comhphlé dearfach?
- Ag machnamh ar do chleachtas reatha duit, cén ghné den ullmhúchán, dar leat, is dúshlánaí? Cé na céimeanna a d'fhéadfá a thógáil le tacú le do chuid ullmhúcháin sa réimse seo?

## Teagasc agus foghlaim

**Fócas ar an gcuraclam:** Is féidir fócas na foghlama a roinnt leis na páistí ag tús na gceachtanna, rud a chabhraíonn chun aird a choinneáil ar na teorainneacha le linn comhphlé.

**Tacú le héisteacht ghníomhach:** Trína chinntiú go mbraitheann páistí go mbítear ag éisteacht leo agus a dheimhniú dóibh go bhfuil sé de cheart acu a gcuid barúlacha a léiriú, cruthaítear na dálaí cearta le haghaidh comhphlé dearfach sa seomra ranga. Is féidir an éisteacht a spreagadh trína iarraidh ar pháistí dearthaí daoine eile a athsint. Is féidir cothromaíocht a chur in iúl trí dhearthaí difriúla a léiriú go cruinn, trí ghinearálú, amhail *tá gach uile pháiste...*, a sheachaint, agus trí ráitis bhreithiúnais amhail *ba cheart do pháistí...* a sheachaint.

**Iompar a eiseamláiriú:** Is féidir go bhfoghlaimeodh na páistí i do rang cuid mhór ón iompar agat féin, amhail do chuid comharthaíochta coirp agus do chuid freagairtí. D'fhéadfá machnamh a dhéanamh ar na cineálacha iompair ba mhaith leat a fhorbairt i do rang agus iad a eiseamláiriú, amhail oscailteacht agus fiosracht a léiriú i leith na dtopaicí a bhíonn faoi chaibidil. Féadann tú freisin do chuid cumarsáide neamhbhriathartha a eiseamláiriú, lena n-áirítear do thuin chainte, do chuid gothaí gnúise agus gnéithe neamhbhriathartha eile a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar thuiscint na bpáistí agus ar a dtoilteanas cur leis an gcomhphlé. Soláthraíonn sé sin scafall úsáideach do na páistí maidir leis an gcaoi a bhféadann siad idirghníomhú lena gcomhghleacaithe le linn comhphlé.

**Tacaigh le rannpháirtíocht na bpáistí agus spreag í:** Féadann tú straitéisí a ghlacadh chugat féin a mheallfadh na páistí go léir, ach gan aon róbhrú a chur orthu, le bheith rannpháirteach sa chomhphlé. Trí 'aga fanachta' a chur ar fáil, tugtar deis do na páistí machnamh a dhéanamh sula bhfreagraíonn siad. Féadann tú luas an chomhphlé ar thopaicí íogaire a mhoilliú le go mothódh na páistí níos mó ar a suaimhneas ó thaobh na rannpháirtíochta de. D'fhéadfadh sé go bhfreagródh páistí ar shlí níos oscailte agus níos fiosraí do bhabhtaí comhphlé ar thopaicí a raibh baint acu féin lena moladh, mar sin is féidir go gcuirfeadh comhairliúchán rialta leis an rang i dtaca le hábhair comhphlé in OSPS/OCG leis an rannpháirtíocht. Cé gurb ionann an ceacht OSPS/OCG

## Dálaí a chruthú le haghaidh comhphlé dearfach sa seomra ranga

agus spás sábháilte inar féidir le páistí plé a dhéanamh ar nithe atá tábhachtach dá saol féin, is féidir a aithint go bhféadfadh sé nach mbeadh roinnt páistí ag iarraidh a bheith rannpháirteach ach amháin trí bheith ag éisteacht nó ag breathnú agus gur ar bhonn deonach atá an rannpháirtíocht.

**Déan an plé a dhíphearsantú:** Is féidir, ach an comhphlé a dhíphearsantú, na coinníollacha a chruthú faoina bhféadann páistí dul i ngleic le topaic ar shlí níos oscailte. Is féidir é seo a dhéanamh tríd an tríú pearsa a úsáid, mar shampla, *Cad a cheapadh nó a déarfadh duine ar comhaois leatsa faoi...? nó Cé na fáthanna a mothódh páistí faoi bhrú chun...?* Má léiríonn páiste tuairim nó dearcadh a bheadh breithiúnach nó míshláintiúil, d'fhéadfá an plé a leathnú agus a fhiafraí an tuairim seo coitianta é sin i measc na sochaí. Fágann sé sin go mbíonn an comhphlé níos ginearálta gan díriú isteach ar an bpáiste a léirigh an tuairim.


**Comhphlé a chur siar nó teacht ar ais chuige:** Corruair, is gá comhphlé a chur siar nó é a fhágáil agus teacht ar ais chuige. Tarlaíonn sé sin mar go mbíonn an t-am istigh, mar go mbíonn ar na páistí machnamh a dhéanamh ar an gceist atá á plé, nó mar go mbíonn ort faisnéis bhreise a fháil le tacú leis an gcomhphlé. Sa chás sin, is féidir a chur in iúl do na páistí cá huair a thabharfar faoin gcomhphlé in athuair. D'fhéadfadh sé, trí chomhphlé a chur siar nó trí theacht ar ais chuige, go gcuirfí roinnt páistí ar a suaimhneas nó d'fhéadfadh sé gur rud tairbheach dóibh an dara seans a fháil a gcuid barúlacha a chomhroinnt i ndiaidh dóibh am a fháil lena machnamh a dhéanamh.

**Teacht ar bhealach le clabhsúr a chur le comhphlé:** Is féidir braistint clabhsúir a fháil trí dhul siar nó machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim nó trí chlabhsúr sóisialta a úsáid, cé gur cheart a bheith tuisceanach i gcónaí faoi aon mhothúcháin a tháinig chun cinn le linn an chomhphlé. Is féidir a chur i gcúimhne do pháistí go bhfuil tú ar fáil más mian leo labhairt leat, ar eagla gur tháinig aon rud aníos le linn an chomhphlé ba mhaith leis an bpáiste a chur faoi do bhráid.



### Forléargas an pháiste

*Taitníonn sé liom nuair a bhíonn an múinteoir tuisceanach cairdiúil oscailte, go háirithe agus muid ag caint ar thopaicí ciotacha. Tá aithne mhaith ag an múinteoir orm agus tá fios a gnó aici agus mothaím compordach ag cur ceisteanna uirthi. Taitníonn sé liom nuair a bhíonn am againn chun ár gcuid mothúcháin a dtaobh na dtopaicí a phlé.*



### Machnamh an mhúinteora

- Smaoinigh ar na cineálacha cur chuige a nglacann tú leo agus tú ag éascú comhphlé sa seomra ranga agat. Cad, bunaithe ar an taithí atá agat, a chruthaíonn timpeallacht dhearfach oscailte neamhbhreithiúnach sa seomra ranga?
- Ag meabhrú duit ar na cuir chuige thuas, conas a thacódís sin le comhphlé dearfach sa seomra ranga agat?

# Dálaí a chruthú le haghaidh comhphlé dearfach sa seomra ranga

## An chéad chéim eile?

Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?



**Foghlaim sa bhaile:** D'fhéadfá gníomhaíochtaí scríofa nó machnamhacha a chur ar fáil a spreagadh páistí le cuid de na smaointe/mothúcháin a bhí acu faoi ábhair a pléadh sa rang a roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí.

**Cumarsáid:** D'fhéadfá breithniú a dhéanamh ar fhormáidí le haghaidh cumarsáid leanúnach le tuismitheoirí amhail cruinnithe ranga nó cruinnithe tuismitheora/múinteora. Tríd an gcur chuige a nglacann tú leis i leith comhphlé a roinnt leo agus trí ábhar a chur ar fáil dóibh, is féidir tacú le tuismitheoirí le hobair a dhéanamh lena bpáiste ar na topaicí a bhíonn á dteagasc ar scoil trí OSPS/OCG.

**Acmhainní le roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí:** Soláthraíonn an tacar acmhainní ar líne do OSPS/OCG acmhainní is féidir a roinnt le tuismitheoirí ag gach leibhéal ranga. [Acmhainní chun OSPS/OCG a theagasc](#)

## Léitheoireacht Bhreise



**Tacar Acmhainní ar líne OSPS/OCG:** Comhlánaíonn na hábhair thacaíochta a leanas na straitéisí agus na cuir chuige atá leagtha amach san ábhar thacaíochta seo. [Caidrimh, ionchais agus teorainneacha a chothú](#)

**Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile:** Tá tacar acmhainní forbartha ag CNCM ar ábhair thacaíochta iad ina bhfuil béim ar chomhphlé dearfach a chothú agus a éascú sa seomra ranga.

- [Socio-Dramatic Play to Support Oral Language and Early Literacy](#)
- [Smaointeoireacht chriticiúil agus caint ar leabhair](#)
- [Pictiúrleabhair Mholta](#)
- [Am Cainte](#)

**Caint agus comhphlé:** Tá acmhainní forbartha ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) a sholáthraíonn tacaíocht maidir le caint agus comhphlé a chur i bhfeidhm sa seomra ranga agat [Díospóireacht | SFGM](#)

**50 picture books to change the world:** Molann an acmhainn seo pictiúrleabhair a éascaíonn comhphlé ar chairdeas, coimhlint, streachailt, noirm, dearcthaí, difríochtaí, agus éagóir ar bhealach sórt scoite, rud a fhágann gur féidir ceisteanna íogaire a phlé gan aon nochtadh díreach faoi shaol an pháiste féin.

[50 Picture books to change the world](#)

## Tagairtí

CNCM. (1999). [Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte – Treoirínite don Mhúinteoir](#). Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.